**IONSTRAIMÍ REACHTÚLA**

**I.R. Uimh. 212 de 2004**

# Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Léarscáileanna Forordaithe) 2004

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
Nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil: 01 – 6476834/35/36/37; Fax: 01 – 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
51 ST STEPHEN’S GREEN, DUBLIN 2,
(Tel: 01 – 6476834/35/36/37; Fax: 01 – 4756843)
or through any bookseller.

(Prn. 2612) Praghas: €0.76

**IR 212 de 2004**
**Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Léarscáileanna Forordaithe) 2004**

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hailt 4 agus 33(2)(b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Uimh. 32 de 2003) agus le toiliú an Aire Airgeadais, déanaimse, ÉAMON Ó CUÍV, T.D., Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, leis seo na Rialacháin seo a leanas:

1.(a) Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Léarscáileanna Forordaithe) 2004 is teideal do na Rialacháin seo.

(b) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh ar an 1 Eanáir 2005.

2.Maidir le léarscáileanna -

(a) arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi ar an 1 Eanáir 2005 nó dá éis, agus

(b)a bhfuil a gcuid scálaí de réir aon cheann de na scálaí ó 1:1 go 1:9,999 agus an dá scála sin san áireamh

forordaítear iad chun críocha alt 33(2)(b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Uimh. 32 de 2003).

3.Tá an téacs i mBéarla de na Rialacháin seo leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis na Rialacháin seo.

**AN TÁBLA**

I, ÉAMON Ó CUÍV, TD, Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs, in exercise of the powers conferred on me by sections 4 and 32(2)(b) of the Official Languages Act 2003 (No. 32 of 2003) and with the consent of the Minister for Finance, make the following regulations:

1.(a) These Regulations may be cited as the Official Languages Act 2003 (Prescribed Maps) Regulations 2004.

(b) These Regulations come into operation on 1 January 2005.

2.Maps which -

(a) are prepared and published by or with the permission of Ordnance Survey Ireland on or after 1 January 2005, and

(b) the scales of which are on any scales from and including 1:1 to and including 1:9,999

are prescribed for the purposes of section 33(2)(b) of the Official Languages Act 2003 (No. 32 of 2003).

3.The text in the English language of these Regulations is set out in the Table to these Regulations.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, an 12ú lá seo de Bhealtaine 2004

L.S. Éamon Ó Cuív

**Aire Gnóthaí Pobail,**

**Tuaithe agus Gaeltachta**

Toilíonn an tAire Airgeadais leis na Rialacháin thuas.

ARNA THABHAIRT faoi Shéala Oifigiúil an Aire Airgeadais an 12ú lá seo de Bhealtaine 2004

L.S. Cathal Mac Riabhaigh

**Aire Airgeadais**

## Nóta Míniúcháin

*(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)*

Forálaítear leis na Rialacháin seo go bhféadfar an leagan Gaeilge amháin de logainm Gaeltachta – arna dhearbhú in aon Ordú Logainmneacha faoi Chuid 5 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 - a úsáid sna léarscáileanna a sonraítear sa Rialacháin (i.e. léarscáileanna mórscálacha deifnídeach arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi ar an 1 Eanáir 2005 nó dá éis).

## Explanatory Note

*(This note is not part of the Instrument and does not purport to be a legal interpretation.)*

The Regulations provide that the Irish language version only of a Gaeltacht placename – as declared in any Placenames Order under part 5 of the Official Languages Act 2003 – may be used on the maps specified in the Regulations (i.e. large-scale definitive maps prepared and published by or with the permission of Ordnance Survey Ireland on or after 1 January 2005).